# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017

**EACNAMAÍOCHT BHAILE**

**ARDLEIBHÉAL**

**DÉARDAOIN, 15 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 – 12.00**

# ROINN B
## (220 MARC)

**TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ**

Freagair 4 (**CEITHRE**) cheist as an roinn seo.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

THALL →

## ROINN B
### 220 MARC

**1.** Is é seo a leanas an méid cothaitheach atá i Méara Éisc Troisc Gan Ghlútan agus i Méara Éisc Troisc Slánghráin.

| **Méara Éisc Troisc Gan Ghlútan** | | **Méara Éisc Troisc Slánghráin** | |
|---|---|---|---|
| Luach tipiciúil in aghaidh gach 100 g | | Luach tipiciúil in aghaidh gach 100 g | |
| Fuinneamh | 217 kcal | Fuinneamh | 240 kcal |
| Próitéin | 13.0 g | Próitéin | 7.8 g |
| Carbaihiodráítí | 19.0 g | Carbaihiodráítí | 18.0 g |
| Snáithín | 1.5 g | Snáithín | 2.9 g |
| Saill | 9.2 g | Saill | 9.2 g |
| Salann | 0.8 g | Salann | 1.1 g |

**(a)** Bain úsáid as an eolas faoi chothaithigh thuas chun comparáid a dhéanamh idir luach cothaitheach méara éisc troisc gan ghlútan agus luach cothaitheach méara éisc troisc slánghráin, agus déan measúnú orthu.

**(b)** Déan iasc a aicmiú de réir a luacha chothaithigh agus tabhair **dhá** shampla de **gach** aicme díobh.

**(c)** Ainmnigh **trí** mhodh le hiasc a phróiseáil agus tabhair **dhá** shampla de **gach** modh a ainmnítear.

**(d)** Liostaigh na treoirlínte atá le leanúint nuair a bhíonn iasc úr á cheannach agus á stóráil.

**(e)** Mínigh an téarma *gan ghlútan.*

**2. Tá fás tagtha le déanaí ar an tóir atá ar an mbácáil sa bhaile.**

**(a)** Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann leis an mbácáil sa bhaile.

**(b)** Ainmnigh **trí** ghníomhaí ardúcháin a úsáidtear sa bhácáil sa bhaile agus mínigh prionsabal oibre ceann **amháin** de na gníomhaithe ardúcháin a ainmnítear.

**(c)** Liostaigh **trí** chineál taosráin agus mol mias dhifriúil le haghaidh **gach** cineál a ainmnítear.

**(d)** Cad iad na treoirlínte ba chóir a leanúint le taosrán maith a dhéanamh?

**(e)** Mol **trí** shlí ina bhféadfaí oideas bunúsach le haghaidh muifíní a athrú le go mbeadh sé ina rogha shláintiúil. Tabhair cúis le **gach** slí a mholtar.

**3.** **(a)** Pléigh na cúiseanna nach mór eolas a thabhairt do thomhaltóirí.

**(b)** Liostaigh **ceithre** fhoinse eolais do thomhaltóirí.

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** thoisc a mbíonn tionchar acu ar thomhaltóirí nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh acu earraí a cheannach.

**(d)** Cheannaigh Síomón fón póca agus taobh istigh de mhí ní raibh sé ábalta an fón póca a luchtú. Scríobh litir gearáin Shíomóin chuig an siopa inar cheannaigh sé an fón póca.

**(e)** Mínigh ról an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí).

**4.** **(a)** **(i)** Ainmnigh **trí** chineál éagsúla teaghlaigh agus déan cur síos orthu.

**(ii)** Luaigh feidhmeanna an teaghlaigh.

**(b)** Cuir ról na dtuismitheoirí agus ról na ndéagóirí laistigh den teaghlach i gcomparáid lena chéile.

**(c)** **(i)** Mínigh cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go ndéanfadh déagóirí aclaíocht go rialta.

**(ii)** Mol na treoirlínte ba chóir a leanúint leis an gcaidreamh dearfach a chur chun cinn laistigh den bhaile.

**(d)** Mínigh an téarma *comhionannas inscne.*

**5.** **(a)** Liostaigh na treoirlínte ba chóir do thomhaltóir a leanúint nuair a bhíonn sé/sí ag roghnú cuisneora.

**(b)** Mol na rialacha ba chóir a leanúint leis an timpeallacht a chosaint **(i)** nuair a bhíonn cuisneoir á úsáid agus **(ii)** nuair a bhítear ag fáil réidh le cuisneoir.

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le cuisneoir a úsáid.

**(d)** Ainmnigh **(i) dhá** earra bia nach bhfuil oiriúnach le reo agus **(ii) dhá** chineál pacáistithe a bheadh oiriúnach le bianna cócaráilte a stóráil sa reoiteoir.


**(e)** Déan cur síos ar **thrí** ghné de chuisneoir nua-aimseartha agus tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** a bhaineann le gach gné díobh.

**6.** **(a)** Déan **(i)** snáithíní nádúrtha agus **(ii)** snáithíní saorga a aicmiú agus tabhair sampla **amháin** de gach aicme.

**(b)** Dear lipéad cúraim a bheadh oiriúnach le húsáid ar gheansaí olla. Bíodh tagairt agat do **cheithre** threoir chúraim.

**(c)** Déan cur síos ar **cheithre** airí a bhaineann le fabraic olla.

**(d)** Cén t-eolas a chuireann an tsiombail seo in iúl don tomhaltóir?



**(e)** Ainmnigh **trí** bhealach éagsúla inar féidir fabraic a dhéanamh as snáithíní.

# Leathanach Bán